# Ráiteas Príobháideachais an Iarrthóra

Rialaitheoir Sonraí: An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (poistphoiblí), Áras na Caibidle, 26-30 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1

Oifigeach Cosanta Sonraí: Sinéad Dolan, dataprotection.officer@publicjobs.ie

Déanfar eolas a phróiseáil trí ardán Oleeo faoi réir théarmaí an Ráitis Phríobháideachais seo agus faoi réir théarmaí Ráiteas Príobháideachais Oleeo.

## Bonn Dlí maidir le Sonraí a Phróiseáil

Tá foráil san Acht um Chosaint Sonraí, 2018, ina leagtar amach go mbeidh aon phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta dlíthiúil má tá sé riachtanach sin a dhéanamh chun feidhm reachtúil de chuid rialaitheora a chomhlíonadh. Tá mandáid reachtúil tugtha do poistphoiblí (faoin Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004, chun feidhmiú mar fhoras lárnaithe measúnaithe agus roghnaithe don státseirbhís agus chun gach tasc atá riachtanach chun iarrthóirí oiriúnacha a earcú, a mheas agus a roghnú do cheapacháin a chomhlíonadh agus, dá bharr seo, tá sé dlíthiúil sonraí pearsanta a bhaineann leis na feidhmeanna seo a phróiseáil, de réir mar a leagtar amach in Alt 6(1) (e) den Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) agus in Alt 71 (2) (a) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

Tugann an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 bonn dlíthiúil maidir le “catagóirí speisialta” de shonraí pearsanta a phróiseáil chun feidhm a tugadh le nó trí achtú a chomhlíonadh. Tagann an t-eolas a bhailítear ó iarrthóirí ó “chatagóirí speisialta” de shonraí pearsanta atá leagtha amach in Alt 9 den RGCS agus beidh siad faoi réir ag bearta níos déine atá ceaptha chun cearta bunúsacha agus saoirse na ndaoine is ábhar do na sonraí a chosaint. Ar na bearta sin tá: cead ar leith ábhar na sonraí a fháil, ainm bréige a thabhairt do shonraí más féidir, agus san áireamh teorainneacha diana ama maidir le sonraí pearsanta ábhartha a scriosadh chomh luath agus a thagann críoch leis an mbonn dlí chun na sonraí sin a phróiseáil. Beidh próiseáil sonraí dá leithéid riachtanach, cuí, agus déantar í de réir na bprionsabal um chosaint sonraí agus dírítear go háirithe ar líon na sonraí a laghdú. Tugtar míniú ar leith ar

na sonraí a bhailíonn poistphoiblí i “gcatagóirí speisialta” de shonraí pearsanta agus faoin bpróiseáil sa Chód Cleachtais maidir le Sonraí Pearsanta a Chosaint.

## Catagóirí de Shonraí Pearsanta atá i gCeist

Bailítear sonraí pearsanta faoi gach iarrthóir do chomórtais a reáchtálann poistphoiblí chun a n-iarratais a phróiseáil. Úsáideann an t-aonad earcaíochta cuí an t-eolas chun comórtas earcaíochta agus roghnaithe a reáchtáil ón tréimhse iarratais go dtí go ndeántar an ceapachán i gcás iarrthóra a cheapfar. Bailítear an t-eolas den chuid is mó ón bhfoirm iarratais. Úsáidtear an t-iarratas chun cáilitheacht a mheas do chomórta(i)s ar leith; chun rogha a shocrú maidir le hionad (más ann); chun a shocrú an gcomhlíonann iarrthóir na critéir ghearrliostaithe (más ann); agus chun cabhrú le bord roghnaithe i gcás agallaimh/measúnaithe (má fhaigheann an t-iarrthóir cuireadh chuig an gcéim sin). San áireamh san eolas ar gá d’iarrthóirí a thabhairt mar chuid den phróiseas iarratais tá a gcáilíochtaí agus a dtaithí ábhartha, agus samplaí de na hinniúlachtaí atá riachtanach don phost ar leith; san áireamh chomh maith tá a n-ainm, seoladh, sonraí teagmhála agus a ndáta breithe; ní thugtar an dáta breithe do bhaill den bhord roghnaithe).

Bailítear sonraí eile atá riachtanach chun a dheimhniú go gcomhlíonann an t-iarrthóir riachtanais an chomórtais agus chun iniúchadh a dhéanamh ar a  gcúlra ag céim an imréitigh agus an cheapacháin chun a chinntiú go bhfuil an duine oiriúnach do cheapachán ó thaobh carachtair de agus go bhfuil siad iomlán cumasach agus iomlán ábalta dualgais an phoist a chomhlíonadh. I measc na sonraí a bhailítear ó iarrthóirí atá faoi mheas do phost ag céim an imréitigh agus an cheapacháin, tá seiceáil slándála agus/nó grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána; teistiméireachtaí eile a úsáid; eolas faoi shláinte agus leigheas; deimhniú sláinte agus carachtair; cóipeanna de cháilíochtaí ábhartha; deimhniú aitheantais; foirm do shocruithe réasúnta san ionad oibre (má tá socruithe dá leithéid ag teastáil); ceadúnas tiomána (má tá sé riachtanach); agus tuairiscí ón bPríomhoifigeach Leighis (POL) (má tá siad ag teastáil).

Is féidir go n-iarrfar ar iarrthóirí eolas faoi mhonatóireacht chomhionannais a thabhairt go deonach; úsáidtear é seo chun a chinntiú go bhfuil ár bpróisis mheasúnaithe cothrom do gach grúpa a thagann faoi reachtaíocht Chomhionannais agus ní phróiseáiltear é ach amháin de réir ár ndualgas chun “catagóirí speisialta” de shonraí a phróiseáil.

Ní choinníonn poistphoiblí sonraí ach ar chúiseanna ar leith, atá dleathach agus sonraithe go soiléir. Ní phróiseálfar sonraí pearsanta ach ar shlí atá de réir na cuspóire atá luaite agus ní úsáidfear eolas a bailíodh ó iarrthóirí chun a n-iarratais a phróiseáil do chomórtas áirithe.

Déantar iniúchtaí rialta ar gach eolas pearsanta a bhailítear ó gach foinse. Cinntíonn sé seo go bhfuil cúiseanna cuí, soiléire agus dlisteanacha ann chun an t-eolas uilig a bhailítear faoi láthair a bhailiú. Déanann ball foirne a ainmníonn an tOifigeach Cosanta Sonraí na hiniúchtaí seo ar bhonn leanúnach. Déanann an Grúpa Bainistíochta Riosca athbhreithniú ar na torthaí agus tuairiscíonn siad don Bhord Bainistíochta iad.

Faightear agus próiseáiltear sonraí de réir an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) agus an Achta um Chosaint Sonraí 2018; ní lorgaítear UPSP ach amháin nuair is gá chun seirbhís phoiblí a thabhairt do chustaiméir (.i. ar chúiseanna earcaíochta agus roghnaithe).

Tá eolas faoi Fhianáin ar fáil i ráiteas ar leith ar an leathanach dar teideal 'Cosaint Sonraí' ar publicjobs.ie, atá ar fáil ar https://www.publicjobs.ie/documents/Cookies-Policy.pdf

## Faighteoirí nó Catagóirí d'Fhaighteoirí

Tugtar samplaí de nochtadh eolais a bhaineann go háirithe le poistphoiblí sa liosta thíos:

- Tugtar eolas faoin iarrthóir a bhfuil ceapachán á thairiscint dóibh don chliant (san áireamh tá sonraí teagmhála agus eolas faoi cháilíochtaí/thaithí an iarrthóra);
- Tugtar eolas don Phríomh-Aturnae Stáit agus do dhuine ar bith dá gcomhairleoirí dlí, agus don Choimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre (nó comhlacht cuí eile) más gá má tá cás á thógáil in aghaidh poistphoiblí;
- Tá nochtadh ón gCartlann Náisiúnta leagtha amach sa Sceideal Coinneála agus sa Chód Cleachtais maidir le Sonraí Pearsanta a Chosaint;
- Tugtar sonraí áirithe do sholáthraithe measúnaithe a dhéanann cuid de na measúnuithe a reáchtálann poistphoiblí; ní thugtar ach an méid is lú sonraí pearsanta a chuirfidh ar a gcumas a bhfeidhmeanna mar phróiseálaithe sonraí a chomhlíonadh (ainm, seoladh ríomhphoist agus uimhir aitheantais an iarrthóra);
- Má lorgaíonn iarrthóir athbhreithniú ón gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí i dtaca le líomhain gur sáraíodh an Cód, má dhéanann siad gearán don Choimisiún um Chosaint Sonraí nó má dhéanann siad achomharc ar chinneadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise chuig an gCoimisinéir Faisnéise, tugtar an t-eolas a lorgaíodh do na comhlachtaí seo chun gur féidir leo freagra a thabhairt ar iarratas an iarrthóra ar athbhreithniú;
- Úsáideann poistphoiblí baill de bhoird/measúnóirí/feitheoirí seachtracha agus is féidir leis na daoine sin sonraí iarratais iarrthóirí a fháil nó teacht orthu chun

cabhrú leo cinneadh a dhéanamh faoi oiriúnacht an duine do ról ar leith; tá dualgas ar bhaill de bhoird/mheasúnóirí/fheitheoirí eolas dá leithéid a choinneáil faoi rún agus slán;

- Tugtar eolas don POL má tá poistphoiblí buartha faoi oiriúnacht iarrthóra do cheapachán ar chúiseanna a bhaineann le cúrsaí sláinte (mar go soláthraíonn an POL seirbhís sláinte saothair do poistphoiblí);
- Is féidir go dteastódh ó roinnt eagraíochtaí (a bhfuil baint acu le slándáil an stáit) go ndéanfaí imréiteach slándála sa bhreis ar iarrthóirí a shanntar chucu; cuirtear ainmneacha agus seoltaí na n-iarrthóirí seo chuig an eagraíocht cliaint atá i gceist, do phróiseáil.
- Bailítear iarratais ó Dhochtúirí Neamh-Chomhairleacha Ospidéil d'FSS trínár n-iarratas earcaíochta;
- Cuirtear torthaí phróisis mheasúnaithe na mBord Stáit ar aghaidh chuig an Roinn chuí chun gur féidir leis an Aire cinneadh a dhéanamh.

## Tréimhse dona gcoinneofar Sonraí Pearsanta

Leagann an Sceideal Coinneála do Thaifid amach an tréimhse choinneála do gach cineál sonraí pearsanta a choinnítear. Lorgaíodh cead ó Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta taifid leictreonacha agus fhisiceacha a scriosadh.

Coinníonn poistphoiblí foirmeacha iarratais do chomórtais aonair ar feadh suas le trí bliana ón dáta dúnta ar a nglactar le hiarratais mar chuid den chomórtas áirithe sin. Más mian le hiarrthóir rochtain a choinneáil ar a n-iarratas, ní mór dóibh an fhoirm a shábháil ar a ngléas toisc nach mbeidh sí ar fáil ar a gcuntas poistphoiblí i ndiaidh trí bliana. Idir an dá linn, is féidir le hiarrthóirí a bhfoirmeacha iarratais do chomórtais a scriosadh am ar bith trína bpróifíl. Tá sé tábhachtach go dtugann siad faoi deara go mbainfear iarrthóir ó chomórtas go huathoibríoch agus nach gcuirfear a n-iarratas faoi mheas a thuilleadh má scriosann siad a n-iarratas nó a bpróifíl agus iad páirteach i gcomórtas beo.

Coinnítear roinnt sonraí i dtaca le trialacha (marcanna) gan ainm agus coinnítear iad do thaighde, do dheimhniú agus ar chúiseanna staidrimh. Coinnítear an méid is lú eolais ar feadh na tréimhse is giorra agus is féidir mar atá leagtha amach sa Sceideal Coinneála do Thaifid.

Coinnítear taifead den pháirt a ghlac iarrthóir i gcomórtas ar chúiseanna cartlainne má chomhlíon an t-iarrthóir sin aon chéim den phróiseas measúnaithe.

## Do fhreagracht

Is féidir leat do phróifíl a cheartú am ar bith agus ba chóir duit é sin a dhéanamh chomh luath agus a athraíonn do chúinsí.

## Iarratais maidir le Rochtain ar Ábhair

Tuigeann poistphoiblí a chuid dualgas mar rialaitheoir sonraí atá iomlán freagrach as na sonraí pearsanta faoinár gcúram agus tuigimid go bhfuil sé de dhualgas orainn cúram a thabhairt do na sonraí sin. Tá ár ndualgais leagtha amach sa RGCS agus i reachtaíocht feidhmithe ábhartha agus eile in Éirinn (An tAcht um Chosaint Sonraí 2018).

Tá daoine a bhfuil a sonraí pearsanta i seilbh poistphoiblí i dteideal iarraidh ar poistphoiblí agus deimhniú a fháil cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sonraí pearsanta a bhaineann leo á bpróiseáil. Más mar sin atá, tá na daoine sin i dteideal teacht ar na sonraí pearsanta chomh maith le heolas áirithe i dtaca le próiseáil na sonraí sin.

Ba chóir an t-iarratas ar shonraí a dhéanamh i scríbhinn agus ba chóir dóthain eolais a thabhairt chun gur féidir an duine is ábhar do na sonraí a aithint ar bhealach sásúil chun gur féidir linn a dheimhniú nach bhfuilimid ag scaoileadh sonraí chuig duine atá do do phearsanú. Nuair a chomhlíontar na critéir, beimid in ann tús a chur leis an obair a bhaineann le freagra a thabhairt ar d'iarratas. Déanfaidh poistphoiblí gach iarracht freagra a thabhairt chomh luath agus is féidir, ach murar féidir linn an obair sin a chríochnú taobh istigh de mhí, cuirfimid thú ar an eolas faoi dhul chun cinn maidir le d'iarratas. Tá an Fhoirm Iarratais maidir le Rochtain ón Duine is Ábhar do na Sonraí ar fáil ar an leathanach ar publicjobs.ie a bhaineann leis an gCosaint Sonraí ar https://www.publicjobs.ie/en/data-protection

Tabharfaidh poistphoiblí freagra ar bith faoi shonraí ábhartha don iarrthóir i bhformáid leictreonach. Mura dteastaíonn uait freagra a fháil ar d'iarratas i ríomhphost, bí cinnte go gcuireann tú sin in iúl dúinn roimh ré. Chomh luath agus a chríochnófar freagra ar d'iarratas, déanfaimid cóip iomlán den ábhar a choinneofar dár dtaifid féin.Coinneofar an taifead seo mar thagairt má tharlaíonn aon aighneas faoi ábhar nó faoin am ar thóg sé freagra a thabhairt duit. Coinneofar é ar feadh 7 mbliana.  Is féidir le duine ar bith, am ar bith, iarratas a dhéanamh (chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí) aon eolas pearsanta fúthu atá i seilbh poistphoiblí a nuashonrú nó a cheartú (má chreideann an duine go bhfuil eolas ar bith atá coinnithe mícheart/míchruinn).